Tuar Dóċais na Libearáiliġ

Cailliúnt do Aondaċtóirí fe'n dTuaiṫ agus Tiar

Ḃí an toġċán do Rialtas agus Pairliminṫ Stormont ar siúl ins na Sé-Ċondaeta Diardaoin na seaċtaine seo caite.

Mar ḃí fios ag gaċ duine roiṁ-ré cuireaḋ na hAondaċtóirí tar n-ais, agus beiḋ Ó Néill mar Ceann-aire ar Rialtas Stormont arís.

Aċ rud a ċur íontas ar ḋaoine, gur ċaill Luċt Oibre na Breataine go trom. Ḃí ceiṫre suíoċán acu i mBéal Feirste, agus ċaill siad leaṫ de sin, ḋá suíoċán leis na hAondaċtóirí.

Ceann de na rudaí is suimiúla fá an toġċáin, nó rud a ṫárla i nDoire. I gCaṫair Ḋoire, ba Aondaċtóir a ḃíoḋ i gcónaí mar M.P. acu, agus go minic ní ḃíoḋ toġċán ar biṫ ann. An t-am seo, ċuaiġ C. Uilton, Liberal, i gcoinniḃ L. Mac Seoin, Ard-Aiḋne na Sé-Condaeṫa, agus toisċ an mí-ṡásaṁ trom i nDoire faoi easpa tionscail agus faoi an caoi ar diúltaíoḋ an Ollscoil nua díoḃṫa, is beag-naċ gur ċaill an tUasal Mac Seoin a ṡuíoċán. Ba iad na bótaí ná: Mac Seoin 8,432 agus C. Uilton, Liberal, 7418.

Ní raiḃ de ṫromlaċ ag Mac Seoin aċ 1,000 bóta. Ḃí 81·7 p.c. botáil ann.

Taréis an scéala a ḃeiṫ fógraiṫe, ḃí Mac Seoin agus a ṁuintir ag ullṁú mór-ṡiúl bua, agús ċruinniġ corraḋ agus 200 daoine óga agus ṫosnaiġ siad ag scairtí leo, agus céard a ḃí á scairteaḋ acu, ná: "Lundaí go home."

Lundaí, an fealltóir, de réir dearcaḋ na bProtastúnaċ, le linn léigear Ḋoire, agus léiríonn sé gurb iad na Protastúnaí anseo a ḃí ag scairtí le Mac Seoin, agus rud níos suimiúla arís, díreaċ taréis sin, ṫosnaiġ an scaifte ag ceol, "A Soldiers' Song" agus "Kevin Barry".

Briseaḋ suas

Faoi mar adúraḋ sa ṗáipéar seo roiṁe, faoi diúltú an Ollscoil do Ḋoire, tá coṁarṫa anois go soiléir gurb é seo tús briseaḋ suas páirtí na nAondaċtóirí ins na Sé-Ċondaeta, agus is cinnte, má ṁaireann an mí-ṡásaṁ seo, agus muna ndéanann Rialtas na Sé-Condaeta rud éigin faoi, go gcaillfiḋ siad suíoċán i gCaṫair Ḋoire, an ċéad uair eile. Agus ní ḃeiḋ ansin aċ tús.

Ciall agus obair

I mBéal Feirste, ċoinniġ an Oibrí Poblaċtánaċ, an t-Uasal Fitt, a suíoċán, agus ní hé aṁáin gur ċoinniġ sé é, aċ fuair sé tromlaċ níos mó. An Dáilċeantar ina raiḃ sé, an Dock, ḃí gaċ ré páirtí á ḃuaċaint gaċ suíoċán ó ṫosnaiġ na Sé-Ċondaeta, agus seo é an ċéad uair gur ċoinniġ an Teaċta céanna an suíoċán ar feaḋ ḋá toġċáin.

Léiriú é gur féidir bua a ḟil ar na hAondaċtóirí, ⁊ an bua sin a ċoinneáil, aċ polasaí ciallṁar agus fir gníoṁaċ fuinniúil a ḃeiṫ ann.

Libearáiliġ

Ḃí coṁarṫa maiṫ eile san toraḋ Inis Ceiṫleann, suíoċán a ḃí ag na hAondaċtóirí gan coiṁlint ariaṁ. An t-am seo, ċuaiġ an t-Oirṁ. Albert Mac Giolla Ruaiḋ, ina ċoinniḃ, agus fuair sé coraḋ agus 3,000 ḃótaí, níos mó na an triú cuid den iomlán; agus sin in aineoin gur ḋiúltaíoḋ saor ċead cainte díoḃṫa, le cuid geaitsí bligéard Óráisteaċ. Ní ḃeaḋ ag teastáil aċ aṫrú de 1,500 ḃótaí eile, leis an suíoċán seo a ḃaint de na hAondaċtóirí, agus de Aire Rialtas Stormont.

Is mar seo a ċaiṫfear bua do ḟáil ar na hAondaċtóirí, fríd an páirtí Libearálaċ, agus is cinnte go mbeiḋ an t-Oirṁineaċ Mac Giolla Ruaiḋ ag coiṁlint anseo arís, agus b'ḟéidir an ḃua leis.

Ní raiḃ aṫrú suíoċán ar biṫ eile, aċ an dá ċeann a ḃain na hAondaċtóirí de na hOibríṫe i mBéal Feirste.

Cluiċí do gaċ ócáide

Páoraic Mac Caṫairlí a scríoḃ. Coṁar Ċumann Íde, a d'ḟoilsiġ. 152 leaṫ. Clúdaċ páipéar. Luaċ 5s.

Seo an dara leaḃar ó Ċoṁar Ċumann Íde agus leaḃar ar ċeart a mbeaḋ díol an ṁór air. Séard atá ann nó cur-síos ar cluiċí de ċuile ċineál a d'ḟéadfaḋ déagóirí agus daoine eile a imirt. Tá sé soiléir gur ag smaoineaḋ ar luċt Áras Íde, agus Coláistí Gaeilge eile. is mó a ḃí an scríḃneoir, agus ḃeaḋ na cluiċí feiliúnaċ go maiṫ do na Coláistí seo, agus do craoḃaċa agus áiteaċa eile a dtig na Gaeilgeoirí le ċéile. Tá ranna féleiṫ ann do cluiċí páirce, cluiċí amuiġ don tineann, agus istiġ don doineann; cluiċí taoḃ istiġ de ḋoras agus cluiċí le ceol. Is breá an bailiúċán cluiċí é, agus is maiṫ an rud go ḃfuil a leiṫéid le fáil i nGaeilge.

Iascairí an Daingin

Sa Dáil d'ḟiafraiġ an tUasal Spring, T.D., don Aire Talṁaíoċta agus Iascaiġ, an raiḃ moltaí ar biṫ aige de ṫairḃe an agallaṁ idir Oifigiġ a Roinne agus Iascairí an Daingean, ar an 28ú lá de Ḋeire-Fóṁair. Céard a pléaḋ ag an cruinniú agus céard a ḃí i gceist aige a ḋéanaṁ, go speisialta de ṫairḃe dredsealá agus láiṁseáil éisc agus bádaí?

D'ḟreagair Caṫal Mac Eoċaiḋ, T.D., Aire Talṁaíoċta, gurb iad na príoṁ ceisteanna a pléaḋ, ag an ċruinniú sa Daingean, nó—

1, Riaċtanas le feaḃsú portanna.

2, Aiseanna lóġánta fá ċoinne stóráil éisc, agus cur i dtír lastaí.

3. Stáid neaṁ-ṡásúil postċeanṗaíoċ le Bord Iascaiġ Ṁara.

Ḃí an méid adúirt na hiascairí ar meas insan Roinn agus ag Bord Iascaiġ Ṁara.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Ḃí tórraṁ mór go reiliġ an Umlaí, indiaiḋ Aifrinn a 11.00 a.m. in Eaglais Naoṁ Eoin Baiste i gCarraig Airt ar an 26ú inst., nuair a ċuireaḋ c rp Ṡeáin Ṁic Ṗáidín, a fuair bás gan ċoinne i gceann na dtrí scór ⁊ cúig bliana. Niṫear coṁḃrón leis an teaglaċ — Dónall agus Páoraig, i Sasain, agus Seán, i Meiriceá (na mic) agus Sigle Bean Uí Ċanainn, Peigí agus Nóirín (na níonaċa) mar aon le n-a ḋearṫáireaċa: Pádraig, iar-O.S., agus Aindí (i gCarraig Airt), Aoḋ (i nGaillim) agus Mánus (i Meiriceá) agus le n-a ċuid deirfiúraċ: Eiḃlín Bean Uí Ġallċóir (Leitirceanainn), Sigle Bean Uí Ḟrigill (Dún Dealgan) agus Treasa Bean Ṁic Giolla Ḃríde (Baile Áṫa Cliaṫ) agus mórán daoine múintearṫa fríd an ṗaróiste.

Tá Roibeard T. Carson ag cur fiċe seomra-leapa lena óstán, an Beach Hotel. agus, ar an taoiḃ eile den tsráid tá Niúáí Óg Mac Ġiolla Ḃríde ag cur dóiġ ar áras-an-tsiopa: iad ag déanaḋ réiḋ fá ċoinne an tséasúir-saoire seo ċugainn.

Coiṁġáirdeas le Leaslaoi Lúcas, i Ros na mBeann (Rosapenna), a ḃfuil leaḃar nua eile foilsiṫe aige fá stair na paróiste seo "More about Meevagh", an teideal atá air. Is cinnte gur beag eolas fá scéal na taoḃ-tíre seo naċ ḃfuil ann —fad ar gcúl le ċóir 4,000 bliain ó ṡin! Agus tá dánta agus aṁráin an ċeantair tófa go slaċtṁar aige: ó'n údar féin, ó Doiminic Ó Ceallaiġ, ó ḃeirt filí naċ maireann — Dáiḃí Ó hAoḋa agus Aindí Ṁac an tSaoir (an ċéad Leaḃarlannaí Contae, ⁊rl.) Sé an "Donegal Democrat" a d'ḟoilsiġ an multum-in-parvo seo —agus is fiú go maiṫ 7s 6d. é.

Cloiċeannaola

D'éiriġ go h-íontaċ maiṫ ar fad le séasúr na dtrátaí i gCloiċeannaola i mbliana. Ṡeas na luaċa go breá fríd an séasúr agus nuair a ḃí an bárr ar fáil níos luaiṫe siocair an teasa, ḃí luaċ níos fearr le fáil as. Sé an ċaint atá ar ṡiúl go coitianta fríd na fásóirí fríd an ċeantar seo anois, nó gur maiṫ is fiú tairḃe a ḃaint as leaṫnú na scéime agus tuilleaḋ tíṫe gloine a ṫógáil. Leis an eolas agus cleaċtaḋ atá acu anois ar fás na dtrátaí, deirtear go dtiocfaḋ le fear aṁáin aire ṁaiṫ a taḃairt do ní teaċ aṁáin, aċ, trí nó ceiṫre tíṫe cosúil leo seo, rud a ḋéanfaḋ cinnte go mbeaḋ teaċt isteaċ réasúnta maiṫ aige féin ⁊ ag a ṫeaglaċ i riṫ na bliana.

Tá na glasáin íontaċ líonṁar ar fad ar ċósta aoṫ Doḃair agus siar ġo hÁrainn. Táṫar á dtógáil go h-éasca ag na bádaí iascaireaċta ar fad, agus margaḋ maiṫ fána gcoinne, ní hé go ḃfuil muid ag braṫ ar ḋaoine as Baile Áṫa Cliaṫ nó áit ar biṫ eile, aċ tá iarraiḋ i gcónaí ar na glasáin fríd Ḋún na nGall, nó tá siad ar ċeann de na h-éisc is fearr agus is so-ḃlasta ar biṫ. Tá siad a' dul tart fá 2s. 6d. an dosaen, rud a ḃeir luaċ breá do na hiascairí as a gcuid oibre. Tá cuma orṫa go ḃfuil siad ċoṁ líonṁar agus go mbeiḋ praifid breá ag na hiascairí orṫa.

Ċuir Marinpro Teo., Ailt an Ċorráin, lasta 70 barraillí de scadáin leasaiṫe go Chicago an tseaċtain seo caite.

Bulóg daor

Ḃí stailc báicéirí i Sasain deireaḋ na seaċtaine agus ḃí an t-áran an ġann ar fad. Tá scéala ann gur cuireaḋ ḃulóg árán aṁáin ar ceant in Bristol, agus go ḃfuartas £3 air.

Gaoṫ Doḃair

Ní raiḃ mórán seans ag Gaoṫ Doḃair in éadan Lifear in iomáin na mionúr, aċ, ar ndóiġe. is fada fada an lá, muintir Lifear ag imirt. agus níl sé aċ bliain ó ċuaiġ cuid stócaí Ġaoṫ Doḃair air. Ba é an scór ná: Lifear 4-5, Gaoṫ Doḃair 1-1. Cúpla imirṫeoir sár ṁaiṫ le ċuid Lifear, ba ċionntaí leis an scór mór. Ḃí Dónal Mac Meanmain, mar lán-cúl agus Donnċaḋa Porter. mar leaṫ-cúl ró ṁaiṫ do Ġaoṫ Doḃair. D'imir P. Ó Breisleáin go rí ṁaiṫ do Ġaoṫ Doḃair, agus fuair sé an ċéad pointe díoḃṫa. B'é an scór ag leaṫ aṁa: Lifear 2-1, Gaoṫ Doḃair 0-1. Rinne Cearnaiġ ionsaí an ṁaiṫ ar fad do Ġaoṫ Doḃair, aċ, ḃí Mac-Meanmain ró láidir agus ró ċliste dó, agus ċuir sé amaċ an liaṫróid. Aċ, roiṁ ḋeiċ bomaite tosaiġ Uinsionn Ó Breisleáin agus Mac Colla, ar gluaiseaċt ar ċríoċnaiġ Peadar Ó Gallċoḃair é. leis an sliotar a ċur isteaċ san eangaċ. Tá ábar maiṫ ioṁánaíoċta in cuid buaċaillí Gaoṫ Doḃair agus is maiṫ is fiú díoḃṫa leanúint leis.

I dTeaċ Pobail na dTrí Patrún, Raṫ Gearr, le Aifreann an Pósta agus Beannaċt an Pápa, pósaḋ Donnċaḋa Ó hArlaí, mac is sine do Proinnsias Ó hArlaí agus Róis Bn. Uí Arlaí, 7 Grange Road, Baile Duḃaill, agus Nanette Ní Ṁaolḃuaiḋ. iníon is óige do Proinnsias Ó Maolḃuaiḋ agus Eiṫne Bn. Uí Maolḃuaiḋ, Doire Beaga, Gaoṫ Doḃair. A h-aṫair a ṫug an ḃrideóg le pósaḋ, agus ḃí sí a' caiṫeaṁ gúna lán-ḟad de satin bán, bróidnéireaċta agus ceannḃeart le ḃéil gairid, faoi rós bán. D'iompar sí blá-ḟleasc de rósaí órḋa agus lil an ġleanna. Máire Bean Ṁic Ḟloscaiġ, O.S., Raṫfó. deirfiúr na brídeoige agus Aoḋ Ó hArlaí, dearṫáir an ḟir, a ḃí ag báiteoireaċt leo. An tAṫair D. Ó Maolḃuaiḋ, S.C., Leitir Ṁic an Ḃáird, uncail na brídeoige. a ṗós iad, ⁊ an tAṫair S. Mac Gaoiṫín, Gleann Finne ag caḃrú leis. Ḃí an Monsignor Ó Maolḃuaiḋ, S.P., An Cloċán Liaṫ, an tAṫair E. Ó Doċartaiġ, O.M.I., Inse Caor, agus an tAṫair Ó Cáṫain. S.C., Raṫ Gearr, i láṫair ċoṁ maiṫ. Ḃí an ḃainis insan Marine Hotel, Sutton, agus ċuaiġ siad go deisceart na Breataine fá ċoinne mí na meala. Ḃí an ḃrídeog og obair le Coṁairle Co. Dún na nGall, agus Coṁairle Co. Baile Áṫa Cliaṫ. agus tá an fear nuaṗósta ina Oifigeaċ Radio ar foireann teagasc Coláiste Teic-neolaíoċta Sráid Ċaoiṁín, Baile Áṫa Cliaṫ.

Ní raiḃ bádaí ar biṫ abálta dul amaċ go Toraí ná teaċt isteaċ le seaċtain anuas leis an ḟarraige ċoṁ tógṫa agus an ġaoṫ mór. Rinneaḋ níos mó na iarraċt aṁáin le ḋul amaċ, aċ b'éigin a ṫaḃairt suas. siocair ċoṁ láidir agus a ḃí an ġaoṫ.

Carraig

Ní féidir liom éisteaċ le níos mó amaidí óna daoine seo, agus mara dtig leo réitiú eatarṫa féin, ní ḃéiḋ leisg' ar biṫ ormsa iad a ċur faoi ḃannaí go ceann trí bliana — arsa an Giúistís Ó Lorcáin, ag Cúirt Dúiċe na gCealla Beaga, agus é ag cur siar cás ina raiḃ—barrántas ag Criostóir Ó Beirn, Alt na Cloiċe, Sarraiġ, in éadan a ċoṁarsain, Conċuḃair Ó Beirn, an baile fearann céanna, as caint bagarṫaċ ag an Ċarraig, ar an 14ú lá de Lúnasa. Ḃí P. A. Ó Doṁnaill ar son an ġearánaí ⁊ S. G. Orange, ar son an ċosantóra. Dúirt an gearánaí gur iarr sé ar an Aturnae litir a ċur ċuig an cosantóir fá treaspás caorač, agus nuair a ċuaiġ siad go h-aonaċ na Carraige, ar an 14ú lá, ċuir an gcosantóir ceist air cad ċuige a ndearn sé seo. Dúirt seisean gur le deireaḋ a ċur leis an treaspás a rinne sé é, agus dúirt an cosantóir leis naċ raiḃ talaṁ ar biṫ aige, ná údarás ar biṫ, agus tosaiġ sé ag taḃairt amaċ dó. Ḃí eagla air roiṁe. Ḋá ċros-ċeistmú ag an Uasal Orange, dúirt sé nár laḃair sé leis an ċosantóir ar a gcuid talaṁ féin, aċ gur ḋúirt sé leo na caoirí a ċoinneáil amaċ as. Dúirt an cosantóir gur ċuir an gearánaí 20 caorac amaċ as, aċ níor leis an ḟianaise iad.

Ceapaḋ Peadar Ó Raġallaiġ, as Co. Muineaċán, mar ṁúinteoir tuaiṫ-eolaíoċt ag gairmscoil na Carraige, in ionad P. S. Ó Maolḃuaiḋ.

Ceapaḋ Alfonsus Mac an Ḃáird, O.S., An Ċarraig, mar múinteoir páirt-aimsire claisceadal ag an Ċarraig.

Tá clú mór le tamall ar na dealḃanna atá Cit Marshall. atá na ċónaí anseo, ag greannú amaċ as móin. Tá dóiġ fé leiṫ aige féin leis an ṁóin a ḋéanaṁ crua, cosúil leis an bog-oak a raiḃ clú mór air. Deir sé féin gur caiṫ sé seaċt mbliana ag déanaṁ amaċ an dóiġ seo lena ḋéanaṁ. Is Sasanaċ é a ṫáiniġ go hÉirinn agus go Dún na nGall, ag iarraiḋ imeaċt ó deifir agus ordopás Londain. Rinne sé staidéir ar leiṫ do ealaín Críostaí na hÉireann, agus is aiṫris ar an saġas sin ealaíona a bíos aige in obair na móna. Tá dealḃ do Croiċ Céasta Ċríost ar nós cuid oibre na 6ú Aoise in Éirinn in seomra staidéara Éamon De Ḃaléra. Ṫug sé ceann eile don Uaċtarán Ó Cinnéide, agus tá tuilleaḋ acu imeasc na Misinéirí Éireannaċ san Aifric, agus fiú aṁáin amaċ go dtí an Cuirtín Iarainn. Daṫ duḃ atá orṫa nuair atá siad críoċnaiṫe, agus tá an deaḃóid ag na hAifreaċánaiġ díoḃṫa. An cineál is deireanaí atá á ḋéanaṁ aige, dealḃ do Ċolmcille, a dtig a ċaiṫeaṁ tar fá'n ṁuineál. Tuigeann sé féin gur féidir tionscail mór a ḋéanaṁ dena cuiṁneaċáin agus na dealḃanna beaga seo. Roiṁ ṫeaċt go hÉirinn dó, ḃí sé na scríḃneoir clúiteaċ, agus ḃí mianaċ seoda aige san Aifric Ṫeas, go dtí gur ḃain Rialtas na tíre sin an mianaċ dó.

Sliogain Ḋuḃa

Tá éileaṁ maiṫ ar sliogáin duḃa na hÉireann na laeṫa seo. Aċ, in Albain. tá faḋḃ faoi leiṫ le réiteaċ fána sliogáin duḃa céanna. I Musselburgh, le glúnta fada daoine, ḃíoḋ na mná ag bailiú na sliogáin, agus ḋá díol in Edinburgh, áit a raiḃ éileaṁ mór agus luaċ maiṫ le fáil orṫa.

Aċ, cúig bliana ó ṡin. ċuir Oifigiġ Sláinte Poiblí fógraí amaċ go raiḃ salaċar ó séaraċas agus ola iontu, agus ó sin amaċ. ṫit an éileaṁ orṫa ar fad.

Go dtí san am i láṫair, naċ ḃfuil éileaṁ ar biṫ orṫa, agus naċ fiú ḃeiṫ dá gcruinniú.

Le cúpla bliain anuas ansin, ṫosaiġ na leapaċa cliogáin ḋuḃa ag méadú agus ag méadú, agus tá cosúlaċt anois ann. go ndéanfar banc trom daingean de na sliogáin ḋuḃa seo, ar imeall na farraige ag lag trá. Deirtear fríd am, go ḃféadfaḋ sé an port ag Fisherró, a ḋruid. Tá Coṁairle an ḃaile, fiú aṁáin ag smaoineaṁ ar bulldóser a ḟáil, le iad a ġlanaḋ ar ṡiúl. Naċ maiṫ an rud go ḃfuil cuid sliogáin duḃa na hÉireann glan folláin.